09/06/2023
ESMA80-416-203

# Treoirlínte

**Maidir le Ceanglais Nochta i ndáil le hAthbhreithnithe Tosaigh agus le Réamhrátálacha**

# Clár na nÁbhar

1 Raon feidhme .......... 2
2 Tagairtí agus giorrúcháin reachtacha .......... 2
3 Cuspóir .......... 3
4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe .......... 3
5 Treoirlínte maidir le ceanglais nochta i ndáil le hathbhreithniú tosaigh agus le réamhrátáil .......... 3

# 1 Raon feidhme

**Cé?**

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le Gníomhaireachtaí um Rátáil Chreidmheasa (GRCanna) atá bunaithe san Aontas agus atá cláraithe le ESMA i gcomhréir le Rialachán GRC.

**Céard?**

2. Baineann na treoirlínte sin le hábhair a bhaineann le nochtaí poiblí GRCanna i gcomhréir le hAirteagal 10(2) agus le Cuid D pointe 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GRC.

**Cén uair?**

3. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 1 Iúil 2022.

# 2 Tagairtí agus giorrúcháin reachtacha

**Tagairtí Reachtacha**

| | |
|---|---|
| *Rialachán ESMA* | Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún[1] |
| *Rialachán GRC* | Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí um rátáil chreidmheasa[2] |

**Giorrúcháin**

| | |
|---|---|
| *ESMA* | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí |
| *GRC* | gníomhaireacht um rátáil chreidmheasa |

[1] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.
[2] IO L 302, 17.11.2009, lch.1.

# 3 Cuspóir

4. Baineann na treoirlínte seo le nochtaí poiblí GRCanna maidir leis na heintitis nó leis na hionstraimí fiachais a cuireadh isteach lena n-athbhreithniú tosaigh nó lena réamhrátáil.

5. Leagtar amach sna treoirlínte ionchais ESMA maidir le tráthúlacht, ábhar agus formáid na nochtaí poiblí sin. Leagtar amach iontu freisin ionchais ESMA maidir leis na cineálacha idirghníomhaíochtaí ar cheart iad a mheas mar athbhreithniú tosaigh nó mar réamhrátáil chun críche na gceanglas nochta sin.

# 4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## 4.1 Stádas na dtreoirlínte

6. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór do GRCanna gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.

7. Déanfaidh ESMA measúnú ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin ag GRCanna trína mhaoirseacht dhíreach leanúnach.

# 5 Treoirlínte maidir le ceanglais nochta i ndáil le hathbhreithniú tosaigh agus le réamhrátáil

## 5.1 Comhthuiscint ar Athbhreithniú Tosaigh nó ar Réamhrátálacha.

8. Chun críche na nochtaí poiblí a sholáthraítear i gcomhréir le pointe 6 de Chuid D d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GRC, tuigtear gurb ionann GRC agus athbhreithniú tosaigh nó réamhrátáil ar eintiteas nó ar ionstraim fiachais a sholáthar nuair a chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   i. soláthraíonn GRC measúnú creidmheasa i ndáil le heisitheoir nó le hionstraim fiachais atá ann cheana nó atá beartaithe;

   ii. cuirtear an measúnú creidmheasa in iúl trí úsáid a bhaint as na comharthaí rátála seanbhunaithe agus sainithe céanna agus a bheadh in úsáid aige i gcás rátáil chreidmheasa phoiblí (cé gur féidir le GRC leas a bhaint as réimír nó iarmhír chun a léiriú nach ionann an measúnú agus rátáil chreidmheasa);

   iii. ní rátáil chreidmheasa phoiblí é toradh an mheasúnaithe creidmheasa, ach tugann sé léiriú ar an rátáil chreidmheasa phoiblí a shannfadh an GRC don eisitheoir nó don ionstraim fiachais i gcás go bhfaigheadh an GRC sainordú.

## 5.2 Inneachar na nochtaí poiblí arna soláthar i gcomhréir le pointe 6 de Chuid D d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GRC.

9. Agus a nochtaí poiblí arna soláthar i gcomhréir le pointe 6 de Chuid D d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GRC á bhfoilsiú aici, ba cheart do GRC a áirithiú go n-áireofaí na pointí faisnéise seo a leanas i ngach cás ina raibh athbhreithniú tosaigh nó réamhrátáil curtha ar fáil aici:

    i. ainm an eintitis nó na hionstraime fiachais;

    ii. LEI nó ISIN an eintitis nó na hionstraime fiachais, i gcás ina bhfuil siad ar fáil;

    iii. deighleog/aicme sócmhainne an eintitis nó na hionstraime fiachais; agus

    iv. an dáta a soláthraíodh an t-athbhreithniú tosaigh nó an réamhrátáil.

## 5.3 Tráthúlacht na nochtaí poiblí arna soláthar i gcomhréir le pointe 6 de Chuid D d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GRC

10. Agus a nochtaí poiblí arna soláthar i gcomhréir le pointe 6 de Chuid D d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GRC á bhfoilsiú aige, ba cheart do GRC a áirithiú go bhfoilseofar liosta na n-eintiteas nó na n-ionstraimí fiachais a mbeidh athbhreithniú tosaigh nó réamhrátáil déanta acu ina leith:

    i. faoin gcéad Chéadaoin de gach mí.

11. Ba cheart do GRC faireachán a dhéanamh[3] chun a áirithiú go n-áireofar ar an liosta a fhoilseofar ar an lá sin na heintitis nó na hionstraimí fiachais sin a mbeidh an athbhreithniú tosaigh nó réamhrátáil déanta ag an GRC sin ina leith, ach amháin más gá moill a chur ar an bhfoilsiú ar chúiseanna rúndachta. I gcás inar gá moill a chur ar an bhfoilsiú ar chúiseanna rúndachta, ba cheart do GRC a áirithiú go ndéanfar an foilsiú:

    i. tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dheireadh na míosa inar chuir GRC eile rátáil chreidmheasa phoiblí ar fáil don eintiteas nó don ionstraim fiachais sin.

12. Ba cheart do GRCanna na hítimí atá ar an liosta a choinneáil go ceann tréimhse cúig bliana ó mhí an chuimsithe.

[3] D'fhéadfadh sé sin a bheith bunaithe ar chuardach ar an Ardán Rátála Eorpach trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil don GRC.

## 5.4 Inrochtaineacht nochtaí poiblí arna soláthar i gcomhréir le pointe 6 de Chuid D d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GRC

13. Agus a nochtaí poiblí arna soláthar i gcomhréir le pointe 6 de Chuid D d'Iarscríbhinn I den Rialachán GRC á bhfoilsiú acu, ba cheart do GRCanna an méid seo a leanas a áirithiú:

   i. go soláthraítear a nochtaí poiblí trí úsáid a bhaint as an teimpléad caighdeánaithe nochta ata leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na treoirlínte seo;

   ii. go bhfoilsítear an teimpléad caighdeánaithe nochta ar chuid dá suíomh gréasáin atá saor ó bhacainní clárúcháin; agus

   iii. go dtugtar fógra do ESMA maidir le suíomh an teimpléid chaighdeánaithe nochta ar a suíomhanna gréasáin.